Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0030(NLE)**

**6418/20**
**ADD 1**

**SOC 114**
**EMPL 97**
**ECOFIN 143**
**EDUC 80**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 70 final ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 70 final ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2020) 70 final ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.2.2020
COM(2020) 70 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**
**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát**

## IARSCRÍBHINN

Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar

Ba cheart do na Ballstáit geilleagar sóisialta margaidh a bheidh inbhuanaithe a chur chun cinn ar bhealach gníomhach agus an infheistíocht i gcruthú post ar ardchaighdeán a éascú agus tacú léi. Chun na críche sin, ba cheart dóibh na bacainní a bhíonn ar ghnólachtaí agus iad ag earcú daoine a laghdú, fiontraíocht atá freagrach agus fíor-fhéinfhostaíocht a chothú agus, go háirithe, tacú le cruthú agus fás micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide, lena n-áirítear trí rochtain a thabhairt ar mhaoiniú. Ba cheart do na Ballstáit forbairt an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn ar bhealach gníomhach, an nuálaíocht shóisialta agus fiontair shóisialta a chothú, agus na cineálacha nuálacha oibre sin a spreagadh, rud a chruthódh deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán agus a dhéanfadh sochair shóisialta a ghiniúint ar an leibhéal áitiúil.

Ba cheart an muirear cánach a aistriú ón saothar go dtí foinsí cánacha eile a luíonn leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás cuimsitheach, agus atá ailínithe le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an tráth céanna, ag féachaint d'éifeacht athdháilte an cháinchórais, agus ioncam le haghaidh cosaint shóisialta leordhóthanach agus caiteachas spreagtha fáis a chosaint san am céanna.

Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil sásraí náisiúnta maidir le socrú an phá íosta reachtúil i bhfeidhm acu rannpháirtíocht éifeachtach comhpháirtithe sóisialta a áirithiú ar bhealach trédhearcach intuartha, lena gcuirfí freagrúlacht leormhaith an phá i leith forbairtí táirgiúlachta san áireamh agus lena bhforálfaí maidir le pá cothrom le haghaidh caighdeán sásúil maireachtála, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí ar ioncam íseal nó ar mheánioncam ar mhaithe leis an gcóineasú aníos. Ba cheart do na sásraí seo an fheidhmíocht eacnamaíoch sna réigiúin agus sna hearnála éagsúla a chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a chur chun cinn ar mhaithe le socrú pá. Agus urraim á tabhairt do chleachtais náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit agus do chomhpháirtithe sóisialta a áirithiú go bhfuil oibrithe i dteideal pá leordhóthanaigh chothroim a bhuí le comhaontuithe comhchoiteanna nó le pá íosta reachtúil leordhóthanach, agus an tionchar atá acu ar an iomaíochas, ar chruthú post agus ar bhochtaineacht lucht oibre á gcur san áireamh.

Treoirlíne 6: Feabhas a chur ar sholáthar saothair agus rochtain ar fhostaíocht, ar scileanna agus ar inniúlachtaí a fheabhsú

I gcomhthéacs na n-aistrithe teicneolaíochta agus comhshaoil, chomh maith le comhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh, ba cheart do na Ballstáit an inbhuanaitheacht, an táirgiúlacht, an infhostaitheacht agus an caipiteal daonna a chur chun cinn, mar aon le heolas ábhartha, scileanna agus inniúlachtaí a chothú le linn an tsaoil, ionas go mbeifí ag freagairt do riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Ba cheart do na Ballstáit freisin a gcórais oideachais agus oiliúna a oiriúnú agus infheistíocht a dhéanamh iontu chun oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán a sholáthar, lena n-áirítear an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint. Ba cheart do na Ballstáit oibriú in éineacht le comhpháirtithe sóisialta, soláthraithe oideachais agus oiliúna, fiontair agus páirtí leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar laigí struchtúracha sna córais oideachais agus oiliúna agus chun feabhas a chur ar an gcáilíocht agus ar an ábharthacht margaidh saothair atá acu, agus d'fhonn an t-aistriú comhshaoil a chumasú freisin. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhúshláin ghairm na múinteoireachta. Ba

cheart do chórais oideachais agus oiliúna príomhinniúlachtaí a thabhairt do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear scileanna bunúsacha agus digiteacha chomh maith le hinniúlachtaí idirdhisciplíneacha chun bunchloch a leagan síos a chuideoidh leo a bheith inoiriúnaithe níos faide anonn sa saol. Ba cheart do na Ballstáit féachaint d'aistriú teidlíochtaí oiliúna le linn athraithe gairme a áirithiú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí chuntais foghlama aonair a úsáid. Ba cheart dóibh a chur ar a chumas do gach duine riachtanais an mhargaidh saothair a thuar agus dul in oiriúint níos fearr do na riachtanais sin, go háirithe le hathsciliú agus le huas-sciliú leanúnach, d'fhonn tacú le haistrithe cothroma córa do chách, rud a neartódh torthaí sóisialta, a thabharfadh aghaidh ar ghanntanas sa mhargadh saothair agus a chuirfeadh feabhas ar athléimneacht fhoriomlán an gheilleagair in aghaidh turraingí.

Ba cheart do na Ballstáit comhionannas deiseanna do chách a chothú trí aghaidh a thabhairt ar an neamh-chomhionannas i gcórais oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear trí rochtain ar oideachas luath-óige ar ardchaighdeán a sholáthar. Ba cheart dóibh leibhéil ghinearálta oideachais a ardú, líon na ndaoine óga a fhágann an scoil go luath a laghdú, rochtain ar an oideachas treasach a mhéadú; chomh maith leis an ráta críochnúcháin a bhaineann leis; agus rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim leanúnach a mhéadú, go háirithe i measc foghlaimeoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus daoine ar bheagán cáilíochtaí. Agus ceanglais nua i sochaithe digiteacha, sochaithe glasa agus sochaithe atá ag dul in aois á gcur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit an fhoghlaim obairbhunaithe ina gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) a neartú, lena n-áirítear le printíseachtaí éifeachtacha ar ardchaighdeán, agus líon na gcéimithe san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (STEM) a mhéadú sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint meánleibhéil agus san oideachas treasach araon. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar an ábharthacht a bhaineann leis an oideachas treasach agus leis an taighde i leith an mhargaidh saothair, feabhas a chur ar thuar scileanna agus ar fhaireachán orthu, scileanna a dhéanamh níos sofheicthe agus cáilíochtaí a dhéanamh níos inchomparáide, lena n-áirítear cáilíochtaí a baineadh amach ar an gcoigríoch, agus níos mó deiseanna a chruthú le haghaidh scileanna agus inniúlachtaí a fuarthas lasmuigh den oiliúint agus oideachas foirmiúil a aithint agus a bhailíochtú. Ba cheart dóibh an ghairmoiliúint agus gairmoideachas solúbtha leanúnach atá ar fáil a uasghrádú agus an ráta iontrála a bhaineann leo a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit freisin tacú le daoine fásta ar bheagán oiliúna a n-infhostaitheacht fadtéarmach a choinneáil ar bun nó a fhorbairt trí bhorradh a chur faoi rochtain ar dheiseanna foghlama ar ardchaighdeán agus leis an méid daoine a théann ina mbun, trí chonairí uas-scilithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear measúnú scileanna, tairiscint oideachais agus oiliúna de réir deiseanna i leith an mhargaidh saothair, agus aitheantas a thabhairt do na scileanna a fuarthas agus iad a bhailíochtú.

Ba cheart do na Ballstáit cúnamh éifeachtach tráthúil comhordaithe saincheaptha a sholáthar do dhaoine dífhostaithe agus neamhghníomhacha, bunaithe ar thacaíocht do chuardach poist, oiliúint, athcháiliú agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin eile. Ba cheart straitéisí cuimsitheacha lena n-áirítear measúnú aonair grinn ar dhífhostaíocht a shaothrú a luaithe is féidir d'fhonn laghdú mór a dhéanamh ar dhífhostaíocht fhadtéarmach struchtúrach agus í a chosc. Ba cheart leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an ndífhostaíocht i measc na hóige agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, tríd an luathfhágáil scoile a chosc agus trí fheabhas

struchtúrach a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán ([1]).

Ba cheart a bheith mar aidhm ag na Ballstáit deireadh a chur le bacainní agus le dídhreasuithe i leith rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus dreasuithe a chur ar fáil ina leith, go háirithe le haghaidh daoine ar ioncam íseal, an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh agus na ndaoine sin is faide ón margadh saothair. Ba cheart do na Ballstáit tacú le timpeallacht oibre oiriúnaithe le haghaidh daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí bhíthin tacaíocht airgeadais agus seirbhísí spriocdhírithe a chuireann ar a gcumas dóibh a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí.

Ba cheart do na Ballstáit comhionannas inscne agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa mhargadh saothair a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhionannas deiseanna agus dul chun cinn gairme a áirithiú agus trí dheireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht sa cheannaireacht ag gach leibhéal den chinnteoireacht. Ba cheart dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní. Ba cheart pá comhionann as obair chomhionann nó as obair ar comhionann a luach, chomh maith leis an trédhearcacht pá, a áirithiú. Ba cheart comhréiteach idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach idir mná agus fir araon a chur chun cinn, go háirithe le rochtain ar chúram fadtéarmach agus oideachas agus seirbhísí cúraim luathóige inacmhainne ar ardchaighdeán. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí agus ag daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu ar shaoire teaghlaigh iomchuí agus ar shocruithe solúbtha oibre chun cothromaíocht idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach a bhaint amach.

Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú na margaí saothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta

Chun tairbhe a bhaint as lucht saothair dinimiciúil táirgiúil, as patrúin nua oibre agus as samhlacha nua gnó, ba cheart do na Ballstáit oibriú in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta ar dhálaí oibre cothroma trédhearcacha intuartha, agus an chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí á hurramú. Ba cheart dóibh deighilt sna margaí saothair a laghdú agus a chosc, an obair neamhdhearbhaithe a chomhrac agus an t-aistriú i dtreo cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a chothú. Ba cheart go ndéanfadh rialacha um chosaint fostaíochta, dlí an tsaothair agus institiúidí uile timpeallacht oiriúnach le haghaidh earcaíochta a sholáthar, chomh maith leis an tsolúbthacht is gá d'fhostóirí chun dul in oiriúint go tapa d'athruithe sa chomhthéacs eacnamaíoch, agus slándáil iomchuí agus timpeallachtaí oibre folláine sábháilte dea-oiriúnaithe a chaomhnú san am céanna, chun cearta saothair a chosaint agus chun an chosaint shóisialta a áirithiú. Ba cheart cosc a chur le caidrimh fostaíochta a mbíonn dálaí oibre forbhásacha mar thoradh leo, lena n-áirítear i gcás na n-oibrithe ardáin agus trí mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla a chomhrac. Ba cheart rochtain ar réiteach éifeachtach neamhchlaonta ar dhíospóidí a áirithiú i gcásanna dífhostaithe éagóraigh, mar aon leis an gceart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh iomchuí.

Ba cheart é a bheith mar aidhm ag beartais feabhas a chur ar rannpháirtíocht, ar chomhoiriúnú agus ar aistrithe sa mhargadh saothair, agus tacú leo freisin. Ba cheart do na Ballstáit é a chur ar a gcumas do dhaoine ar féidir leo a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair é sin a dhéanamh, agus na daoine sin a spreagadh ar bhealach éifeachtach. Ba cheart do na Ballstáit éifeacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a neartú tríd an spriocadh, an fhor-rochtain agus an raon atá acu a

([1]) IO C 120, 26.4.2013, lch. 1.

mhéadú agus tríd an méid sin a nascadh níos fearr le tacaíocht ioncaim le haghaidh daoine dífhostaithe, fad is a mbíonn siad ag lorg oibre agus bunaithe ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le seirbhísí poiblí fostaíochta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach trína áirithiú go dtugtar cúnamh saincheaptha go tráthúil chun tacú le cuardaitheoirí poist, trí thacú leis an éileamh sa mhargadh saothair agus trí bhainistíocht fheidhmíochtbhunaithe a chur chun feidhme.

Ba cheart do na Ballstáit sochair leordhóthanacha dhífhostaíochta ar feadh tréimhse réasúnta a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, i gcomhréir leis na ranníocaíochtaí atá déanta acu agus lena rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht. Níor cheart go ndéanfadh na sochair sin filleadh pras ar an bhfostaíocht a dhídhreasú agus ba cheart beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a bheith ag gabháil leo.

Ba cheart tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do shoghluaisteacht an lucht foghlama agus an lucht saothair d'fhonn infhostaitheacht agus scileanna a fheabhsú agus d'fhonn acmhainneacht iomlán mhargadh saothair na hEorpa a shaothrú; agus, san am céanna, dálaí cothroma a áirithiú freisin i leith daoine i mbun gníomhaíochta trasteorann chomh maith le dlús a chur le comhar riaracháin idir na húdaráis riaracháin náisiúnta maidir le hoibrithe taistil. Ba cheart deireadh a chur le bacainní ar an tsoghluaisteacht in earnáil an oideachais agus na hoiliúna, ar phinsin cheirde agus phearsanta agus ar aitheantas do cháilíochtaí, agus ba cheart aitheantas do cháilíochtaí a éascú. Ba cheart do na Ballstáit gníomhú lena áirithiú nach bacainn neamhriachtanach atá i ngnásanna riaracháin d'oibrithe ó Bhallstáit eile a ghabhann d'obair thuarastail, lena n-áirítear oibrithe trasteorann. Ba cheart do na Ballstáit freisin mí-úsáid na rialacha atá i bhfeidhm cheana a chosc, agus aghaidh a thabhairt ar 'imirce daoine oilte' ó réigiúin áirithe, lena n-áirítear le bearta iomchuí um fhorbairt réigiúnach.

Agus forbairt á déanamh ar na cleachtais náisiúnta atá ann cheana, agus chun idirphlé sóisialta níos éifeachtaí agus torthaí socheacnamaíocha níos fearr a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht thráthúil fhiúntach na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú i ndearadh agus i gcur chun feidhme fostaíochta, athchóirithe agus beartas sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, athchóirithe eacnamaíocha agus beartas eacnamaíoch, lena n-áirítear trí thacú leis na comhpháirtithe sóisialta a n-inniúlacht a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a chothú. Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a chur i gcrích maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart atá acu gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh á lánurramú.

I gcás inarb ábhartha, agus forbairt á déanamh ar na cleachtais náisiúnta atá ann cheana, ba cheart do na Ballstáit an taithí atá ag eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta ar an bhfostaíocht agus ar shaincheisteanna sóisialta a chur san áireamh.

Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac

Ba cheart do na Ballstáit margaí saothair cuimsitheacha, oscailte do chách, a chur chun cinn, trí bhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an t-idirdhealú de gach cineál a chomhrac agus chun comhionannas deiseanna le haghaidh grúpaí faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn, agus an aird chuí á tabhairt ar na gnéithe réigiúnacha agus críochacha. Ba cheart dóibh cóir chothrom a áirithiú i dtaca leis an bhfostaíocht, an chosaint shóisialta, an cúram sláinte agus an cúram fadtéarmach, an

t-oideachas agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, beag beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

Ba cheart do na Ballstáit córais cosanta sóisialta a nuachóiriú chun cosaint shóisialta atá leordhóthanach, éifeachtach, éifeachtúil, inbhuanaithe a sholáthar i gcaitheamh gach trátha de shaol an duine, an cuimsiú sóisialta agus an tsoghluaisteacht shóisialta aníos a chothú, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a dhreasú agus aghaidh a thabhairt ar an neamh-chomhionannas, lena n-áirítear leis an gcaoi a ndeartar a gcáinchórais agus a gcórais sochair. Agus cineálacha uilíocha cur chuige á gcomhlánú le cineálacha roghnaíocha, déanfar éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta a fheabhsú. Ba cheart rochtain, cáilíocht, leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht níos fearr a bheith mar thoradh ar nuachóiriú na gcóras cosanta sóisialta.

Ba cheart do na Ballstáit trí ghné an chuimsithe ghníomhaigh a fhorbairt agus a chomhtháthú: tacaíocht leordhóthanach ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin ar ardchaighdeán, chun freastal ar riachtanais an duine aonair. Ba cheart do chórais cosanta sóisialta sochair leordhóthanacha ioncaim íosta a áirithiú le haghaidh gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige féin agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí dhaoine a spreagadh le bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí, lena n-áirítear trí bhíthin seirbhísí sóisialta spriocdhírithe.

Seirbhísí inacmhainne inrochtana ar ardchaighdeán a bheith ar fáil, amhail an t-oideachas agus an cúram luath-óige, an cúram iarscoile, an t-oideachas, an oiliúint, tithíocht, an cúram sláinte agus an cúram fadtéarmach, is coinníoll riachtanach é sin chun comhionannas deiseanna a áirithiú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an mbochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, lena n-áirítear bochtaineacht lucht oibre agus bochtaineacht leanaí. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, ar sheirbhísí fíor-riachtanacha. Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta a áirithiú do dhaoine atá i ngátar nó atá i staid leochaileach. Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an inrochtaineacht, a áirithiú i ndáil leis na seirbhísí sin. Ba cheart dul i ngleic leis an easpa dídeana go sonrach.

Ba cheart do na Ballstáit rochtain thráthúil ar chúram sláinte coisctheach íceach inacmhainne agus ar chúram fadtéarmach ar ardchaighdeán a áirithiú, agus an inbhuanaitheacht a chosaint san fhadtéarma san am céanna.

I gcomhthéacs an mhéadaithe ar fhad saoil agus ar an athrú déimeagrafach, ba cheart do na Ballstáit leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsin le haghaidh oibrithe agus daoine féinfhostaithe a áirithiú, agus comhionannas deiseanna a sholáthar do mhná agus d'fhir maidir le cearta pinsin a fháil, lena n-áirítear le scéimeanna forlíontacha chun ioncam leordhóthanach a áirithiú. Ba cheart tacú le hathchóirithe pinsean trí bhíthin bearta a fhadaíonn an saol oibre, cuir i gcás an aois scoir iarbhír a ardú, agus ba cheart na bearta seo a cheapadh mar chuid de straitéisí um aosú gníomhach. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé cuiditheach a bhunú le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus céimniú isteach iomchuí na n-athchóirithe a cheadú.